Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus costais eile maidir le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus íocaíocht deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair den chaiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá 14 príosún agus ionad coinneála faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le maoin ag Páirc Bhéal Fhada agus Halla Thornton.

Rinneadh talamh a luacháil ag luach margaidh oscailte i rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí i rith 2009. Rinneadh talamh ag Halla Thornton a luacháil ag an luach ceannaigh.

Tá an bunús maidir le foirgnimh príosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille - gan athrú. Déanfar athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh príosúin gach 5 bliana le cabhair ó rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí - is in 2014 a bheidh an chéad athluacháil pleanáilte eile ar siúl. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athmheasúnuithe, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Taobh amuigh de thalamh agus d'fhoirgnimh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha i dtaca le soláthar, seachas deich gconradh a bhfuil luach €959,300 orthu. Cuireadh iad seo san áireamh i dtuairisceán Ciorcláin 40/02. Thabhaigh dhá chonradh ar luach €484,562 moill mar gheall ar an moratóir sa státseirbhís agus mar gheall ar an bhfaomhadh riachtanach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sna hocht gcás eile, bhí socruithe conartha áitiúil i bhfeidhm, rud a bhí in aghaidh na dtreoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe conartha curtha i bhfeidhm cheana féin ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann do roinnt de na soláthair seo agus tá bearta á gcur i bhfeidhm aici go honnghníomhach le tairiscintí a chur i bhfeidhm i 2013 don chuid eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSeirbhís Phríosúin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam.. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís Phríosúin agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Phríosúin. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2012.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Lúnasa 2013

# Vóta 21 Príosúin

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | 336,163 | 334,573 | 348,415 |
| | **Ollchaiteachas** | **336,163** | **334,573** | **348,415** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **18,348** | **17,768** | **18,266** |
| | **Glanchaiteachas** | **317,815** | **316,805** | **330,149** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,009,846 | 1,062,388 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 239,705 | 237,807 | 242,728 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,016 | 2,005 | 2,163 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 7,650 | 3,641 | 3,962 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 3,000 | 2,752 | 2,814 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,980 | 5,234 | 4,368 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 140 | — | 60 |
| | | 257,491 | 251,439 | 256,095 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 83,134 | 92,320 |
| Pá | | 237,807 | 242,728 |
| Neamhphá | | 13,632 | 13,367 |
| **Ollchaiteachas** | | **334,573** | **348,415** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **17,768** | **18,266** |
| **Glanchaiteachas** | | **316,805** | **330,149** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (3,977) | | |
| Dímheas | 3,921 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 13 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (12) | (55) | (389) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (21,422) | (32,165) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,538) | | |
| Laghdú stoic | 118 | | |
| | | (2,420) | 4,912 |
| **Caiteachas díreach** | | **292,908** | **302,507** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 39,560 | 41,193 |
| **Glanchostas cláir** | | **332,468** | **343,700** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 38,003 | 39,740 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 224 | 94 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 1,333 | 1,359 |
| | 39,560 | 41,193 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 822,329 | 773,068 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 2,655 | 30,439 |
| | | **824,984** | **803,507** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.5 | 7,231 | 9,616 |
| Stoic | 2.6 | 1,203 | 1,321 |
| Réamhíocaíochtaí | | 108 | 367 |
| Ioncam fabhraithe | | 111 | 130 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,006 | 1,490 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.9 | 61 | (62) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **9,720** | **12,862** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 4,960 | 7,776 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 8,298 | 11,044 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **13,258** | **18,820** |
| **Glandliteanais reatha** | | (3,538) | (5,958) |
| **Glansócmhainní** | | **821,446** | **797,549** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **821,446** | **797,549** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 797,549 | 769,907 |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 356,365 | 371,342 |
| Glanchostas cláir | 1 | (332,468) | (343,700) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **821,446** | **797,549** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 317,815 | 331,211 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,010) | (1,062) |
| | | 316,805 | 330,149 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | 39,560 | 41,193 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **356,365** | **371,342** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 763,631 | 68,372 | 775 | 8,717 | 841,495 |
| Breiseanna | 51,362 | 1,518 | 66 | 237 | 53,183 |
| Diúscairtí | — | (442) | (11) | (508) | (961) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 814,993 | 69,448 | 830 | 8,446 | 893,717 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | — | 61,331 | 607 | 6,489 | 68,427 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,939 | 32 | 950 | 3,921 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (441) | (11) | (508) | (960) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012 | — | 63,829 | 628 | 6,931 | 71,388 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **814,993** | **5,619** | **202** | **1,515** | **822,329** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **763,631** | **7,041** | **168** | **2,228** | **773,068** |

## 2.4 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| ag 31 Nollaig 2012 | Conarthaí Tógála | |
|---|---|---|
| | **2012** | **2011** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | | |
| Aistrithe go clár sócmhainne | 30,439 | 15,690 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 21,422 | 32,165 |
| ag 31 Nollaig 2012 | (49,206) | (17,416) |
| | 2,655 | 30,439 |

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 7,399 | 10,265 |
| Orduithe gan íoc | (168) | (649) |
| | 7,231 | 9,616 |

## 2.6 Stoic

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Éide agus éadach | 1,044 | 1,058 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | 58 | 141 |
| Bia | — | 17 |
| Ilghnéitheach | 101 | 105 |
| | 1,203 | 1,321 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Óinchistí | 728 | 728 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 278 | 762 |
| | 1,006 | 1,490 |

## 2.8 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,979 | 5,682 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,608 | 2,276 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 188 | 168 |
| Cáin Bhreisluacha | 581 | 1,077 |
| Cáin Fhoirgníochta | 3 | 1 |
| Cáin asbhainte ó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 1 | 8 |
| Ranníocaíochtaí pinsin foirne | — | 865 |
| | 6,360 | 10,077 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 1,937 | 851 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 1 | 116 |
| | 8,298 | 11,044 |

## 2.9 Glandliteanas ón Státchiste

| at 31 December | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,010 | 1,062 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (1,071) | (1,000) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (61) | 62 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 7,231 | 9,616 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,006 | 1,490 |
| | 8,237 | 11,106 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,360) | (10,077) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,938) | (967) |
| | (8,298) | (11,044) |
| | (61) | 62 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 4,807 | 795 |

**2.11 Dliteanais aibithe**

Ba é luach measta na ndliteanas aibithe nár comhlíonadh ag deireadh na bliana ná €6,231 (2011 – Náid).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 239,705 | 237,807 | 242,728 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 17,786 | 13,632 | 13,367 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | 33,752 | 35,371 | 47,181 |
| A.4 | Seirbhísí príosúin, s.rl. | 39,016 | 42,504 | 40,086 |
| A.5 | Roinn déantúsaíochta agus feirm | 629 | 697 | 715 |
| A.6 | An tSeirbhís Phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí | — | — | — |
| A.7 | Seirbhísí oideachais | 1,265 | 1,234 | 1,240 |
| A.8 | Cumann Árachas Sláinte na nOifigeach Príosúin (deontas-i-gcabhair) | — | — | — |
| A.9 | Cúiteamh | 3,260 | 3,270 | 2,869 |
| A.10 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | 750 | 58 | 229 |
| | | 336,163 | 334,573 | 348,415 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1,590,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos Lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí príosúin, s.rl. | (3,488) | Baineann an riachtanas breise le costais mhéadaithe reáchtála an phríosúin, lena n-áirítear fóntais, leithéidí téamh, táillí leictreachais agus uisce agus costais diúscartha dhramhaíola: costas bhéilte na bpríosúnach, costais chúraim shláinte na bpríosúnach, glantachán na bpríosún agus seirbhísí neachtlainne. Baineann €2.3 milliún den riachtanas breise go díreach le costais chúraim shláinte phríosúnach, atá inchurtha go príomha i leith costas méadaithe gníomhaireachta mar gheall ar an moill ar earcú pearsanra mhíochaine mar gheall ar an moratóir ar earcú. Téann fachtóirí seachtracha eile, leithéidí praghsanna idirnáisiúnta gáis agus rátaí malairte i bhfeidhm go díreach ar chostas breise na bhfóntas (€0.7 milliún). |
| Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | 692 | Is iad Pobal a riarann íocaíochtaí faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Tá sé deacair ionú an chaiteachais a ionchasú, ós rud é go bhfuil sé spleách ar ráta an dul chun cinn i dtionscadail mhaoinithe. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ón roinn déantúsaíochta agus ón bhfeirm (lena n-áirítear táirgí a úsáidtear i bpríosúin) | 905 | 1,093 | 1,028 |
| 2. | Ciste Sóisialta na hEorpa | 5 | — | — |
| 3. | Fáltais ó dhíolachán na réadmhaoine príosúin | — | — | — |
| 4. | Ilghnéitheach | 519 | 381 | 405 |
| 5. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 750 | 58 | 229 |
| 6. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | 16,169 | 16,236 | 16,604 |
| | **Iomlán** | 18,348 | 17,768 | 18,266 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniúchán |
|---|---|---|
| Fáltais ón roinn déantúsaíochta agus ón bhfeirm (lena n-áirítear táirgí a úsáidtear i bpríosúin) | (188) | Tá sé deacair fáltais ó ghníomhaíochtaí déantúsaíochta príosúin a chainníochtú roimh ré. |
| Ilghnéitheach | 138 | Mar gheall ar a nádúr féin, tá sé deacair tuar cén leibhéal fáltas a gheofar faoin gcatagóir seo. |
| Fáltais na gcuntas díomhaoin | 692 | Tá fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin nasctha le caiteachas faoi Fotheideal A.8 . Ós rud é nach ndeachaigh na tionscadail ar aghaidh faoi mar a beartaíodh, níorbh fhéidir fáltais níos airde a tharraingt. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 3,433 | 3,489 |

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 139,644 | 142,364 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 722 | 653 |
| Liúntais eile | 48,822 | 49,680 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 33,436 | 35,415 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15,183 | 14,616 |
| **Pá Iomlán** | **237,807** | **242,728** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2012<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 163 | 14 | 16,229 | 12,565 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,267 | 1,815 | 26,230 | 29,870 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 3,039 | 500 | 17,329 | 26,205 |
| Ilghnéitheach | 3,395 | 457 | 15,915 | 17,279 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luach Saothair Eile**

Íocadh suim iomlán de chuid €16,465 le 13 státseirbhíseach scortha ar fháltas pinsean státseirbhíse, sa réimse ó €151 go €5,776 , a athfhostaíodh ar dhualgais éagsúla i rith na bliana 2012. Íocadh suim iomlán de chuid €5,400 le 9 mball scortha den Gharda Síochána, a athfhostaíodh ar dhualgais sainiúla i rith 2012.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 4,320 (4,390 i 2011) meánlíon laethúil measta na bpríosúnach sa bhliain 2012.

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Seo a leanas mar atá costais dlí a íocadh i rith na bliana: | €000 | €000 |
| Táillí dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 3,267 | 2,862 |
| | 3,267 | 2,862 |

Cuimsíonn an cuntas caiteachas maidir le cúiteamh agus costais dhlíthiúla a íocadh do phríosúnaigh, d'fhoireann agus do bhaill an phobail. Léiríonn an clár thíos anailís de na costais seo.

| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dhámh | Costais dlíthiúla bronnadh | 2012 Iomlán | 2011 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas agus ceisteanna eile a bhaineann le foireann phríosúin. | 145 | 275 | 501 | 776 | 818 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin. | 74 | 1,687 | — | 1,687 | 999 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 253 | 271 | 452 | 723 | 818 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag sibhialtaigh | 31 | 32 | 49 | 81 | 227 |
| | | 2,265 | 1,002 | 3,267 | 2,862 |

Ag 31 Nollaig 2012, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 565 éileamh mar éilimh gan íoc. Bhí seacht gcás gan íoc freisin, mar a ndearnadh íocaíochtaí agus mar ar glacadh leo, i dtaca leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla.

### 6.3 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex gratia de chuid €3,700 i dtreo costais adhlactha dhá chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

**6.4 Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh**

Le linn di a feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích, feidhmíonn an tSeirbhís Phríosúin agus a gníomhairí cuntais bainc áirithe. Tugtar cuntas ar leith maidir leis na cuntais seo agus níl siad mar chuid den Chuntas seo ós rud é nach mbaineann siad le cistí vótáilte.

**6.5 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim**

Rinneadh íocaíocht ar luach iomlán €353,678 i dtaca le dliteanas oidhreachta a chlúdaíonn cánacha a bhaineann le hábhar do liúntais gnáthéadaí agus d'íocaíochtaí costais d'aistrithe sealadacha a dhéantar d'fhoireann de chuid na seirbhíse príosúin do na Coimisinéirí Ioncaim i 2012. Bhí mar chuid den íocaíocht ús de €42,670 agus pionóis de €14,498.

**6.6 Nithe Díscríofa**

Mar chuid de réiteach cuntas fionraí, díscríobhadh roinnt iarmhéideanna oidhreachta ar luach iomlán €105,094 mar do-athfhála i 2012. Sháraigh dhá chinn de na hiarmhéideanna €10,000 agus ba é luach na suime iomláine ná €21,640. Bhain an dá chás le hidirbhearta ÁSPC leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialta faoi seach, agus níorbh fhéidir an t-airgead a athfháil mar gheall ar an tréimhse ama a chuaigh thart ó d'eascair siad.

## Aguisín

**Ráiteas Achoimrithe na gCuntas Déantúsaíochta sna Príosúin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

| | Talmhaíocht | Tionscail eile | Iomlán 31 Nollaig 2012 | Iomlán 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Stoc idir láimh ag 1 Eanáir 2012 | 7 | 258 | 265 | 245 |
| Ceannacháin | 70 | 634 | 704 | 726 |
| Brabús | 2 | 434 | 436 | 318 |
| | 79 | 1,326 | 1,405 | 1,289 |
| Díolacháin | 72 | 1,020 | 1,092 | 1,024 |
| Stoc idir láimh ag 31 Nollaig 2012[1] | 7 | 306 | 313 | 265 |
| | 79 | 1,326 | 1,405 | 1,289 |

[1] Cuimsíonn an stoc idir láimh ag 31 Nollaig 2012 ábhair agus earraí monaraithe de chuid €165,984 agus trealamh déantúsaíochta de chuid €147,534.

**Réiteach leis an gCuntas Leithreasa**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 1 Eanáir | 12 | 1 |
| Ceannacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig | 704 | 726 |
| | 716 | 727 |
| Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 31 Nollaig | (19) | (12) |
| Caiteachas ó fhotheideal A.5 de réir an Chuntais Leithreasa | 697 | 715 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 1 Eanáir | 4 | 8 |
| Díolacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig | 1,092 | 1,024 |
| | 1,096 | 1,032 |
| Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 31 Nollaig | (3) | (4) |
| Fáltais faoi fhotheidealNóta 4.1 (1) de réir an Chuntais Leithreasa | 1,093 | 1,028 |

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
28 Márta 2013